Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 34

# Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha agus íocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2020 as leithreasaí neamhchaite in 2019, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €12.544 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nóta 1 go 7.

***Feidhmeanna a aistriú***

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020*, inar cuireadh san áireamh an t-athrú ar ainm na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a tháinig i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2020 (IR 408 de 2020) chomh maith leis na haistrithe feidhmeanna seo a leanas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) go dtí an Roinn seo le héifeacht ón 9 Meán Fómhair 2020

- aistriú feidhmeanna oidhreachta (IR 339 de 2020).
- aistriú feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus fheidhmeanna Uiscebhealaí Éireann (IR 340 de 2020).

Nuair a bheidh an Bille um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú), 2021, achtaithe agus tosaithe, déanfar an chuid eile de na cumhachtaí agus na feidhmeanna oidhreachta, lena n-áirítear feidhmeanna áirithe i ndáil le trácht a dhéanamh maidir le hiarratais ar phleanáil agus dréachtphleananna forbartha ó thaobh oidhreachta de, a aistriú chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí ordú eile um aistriú feidhmeanna.

I gcomhréir leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an gCuntasaíocht Rialtais, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020* aistriú fheidhmeanna na Roinne bunaithe ar bhonn lánbhliana.

Léirítear sa Chuntas Leithreasa, atá le leagan amach de réir fhoirm agus fhormáid an mheastacháin chuí, aistriú na bhfeidhmeanna thuas ar bhonn lánbhliana freisin. Dá bhrí sin, tá cuntas tugtha ar na feidhmeanna aistrithe uile i gcuntas leithreasa 2020.

# An Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil***

Leanfaidh an Roinn leis an tairseach €1,000, a chur i bhfeidhm le haghaidh sócmhainní caipitil a chuimsiú ar an ráiteas maidir le sócmhainní caipitil, agus cuirfidh sí tabhairt isteach na tairsí úire €10,000 siar go cuntas leithreasa 2021, rud dá bhforáiltear i gciorclán 21 de 2020: *Méadú ar an Luach Tairsí le haghaidh Sócmhainní a Chuimsiú i gCláir Sócmhainní.*

***Luacháil sócmhainní***

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta amhail páirceanna náisiúnta a luacháil. Tá na sócmhainní sin liostaithe in Aguisín A a ghabhann leis an gcuntas seo.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ar bhonn míosúil ón mí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair 6.66% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18).

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó a thaifeadadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt i scríbhinn. Cuirtear anailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosrófar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh (sa bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €642,372 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Cuireadh conradh i ndáil le seirbhísí teileafónaíochta TFC lenar bhain caiteachas €114,858 (gan CBL a áireamh) le linn na bliana agus a dámhadh ar dtús trí phróiseas iomaíoch ar athlá ar feitheamh próiseas soláthair a thabhairt chun críche.
- Rinneadh conradh bliana i ndáil le tacaíocht agus cothabháil TFC lenar bhain caiteachas €27,514 (gan CBL a áireamh) le linn na bliana a dhámhachtain gan próiseas iomaíoch ar bhonn práinne/seiftiúlachta chun an tacaíocht le haghaidh crua-earraí agus an tsíntiúis ceadúnais le córas cúltaca Commvault a choimeád.
- Cuireadh conradh i ndáil le conraitheoirí éiceolaíocha, bunachar sonraí agus tacaíochta GIS lenar bhain caiteachas €500,000 (gan CBL a áireamh) agus a dámhadh ar dtús trí phróiseas iomaíoch ar athlá ar feitheamh athbhreithniú a chríochnú ar na córais faisnéise uile atá i bhfeidhm sa Rannóg Oidhreachta (tar éis aistriú na Rannóige Oidhreachta chuig an Roinn), rud a theastaíonn chun bonn eolais a chur faoin gcéad timthriall soláthair eile.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir leis na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40 de 2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca gus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leo sin agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú ar bhonn lárnach agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí ardleibhéil ar bhonn rialta. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhríoscaí sin agus chun aon easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

D'fhorbair an Roinn clár rioscaí maidir le Covid-19 i gcomhthráth lena plean freagartha maidir le Covid-19. Dréachtaíodh an clár rioscaí maidir le Covid-19 le hionchur ón gCoiste Bainistíochta Riosca agus ón gCoiste Iniúchóireachta. Is é is cuspóir leis cuidiú le rioscaí a bhaineann le Covid-19 a bhainistiú agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu. Baineann sé le rioscaí atá sa raon idir folláine foirne agus rioscaí slándála TFC agus tá sé ar fáil do choistí áitiúla agus coistí Roinne Covid-19 chun cuidiú le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí faoi leith mar gheall ar Covid-19.

Rinneadh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a cuid iniúchtaí a oiriúnú chun breithniú a dhéanamh freisin ar na rioscaí mar gheall ar phaindéim Covid-19 maidir leis an timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na rialuithe comhfhreagracha agus na straitéisí um maolú a chuir an lucht bainistíochta i bhfeidhm.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 a raibh caillteanas ábhartha, nó a bhféadfadh sé go raibh caillteanas ábhartha, mar thoradh orthu.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Cultúir

21 Meán Fómhair 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse, an cuntas leithreasa,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí maidir le conarthaí áirithe a d'oibrigh in 2020.

***Maoirseacht ar an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP)***

Pléann caibidil 8 de mo tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2020, le mhaoirseacht ar an scéim Íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP)

### *Fíneáil AE a íoc*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta i nóta 2.10 gur íoc an Roinn, in 2020, fíneáil leis an gCoimisiún Eorpach ag eascairt as breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019. Bhain an cás os comhair na Cúirte leis an mainneachtain a chinntiú déantar measúnú siarghabhálach ar thionchar ar an gcomhshaol maidir le feirm ghaoithe a tógadh i gContae na Gaillimhe. Cuimsíonn an fhíneáil a fhorchuireann an Chúirt íocaíocht chnapshuime €5 milliún, móide fíneáil laethúil de €15,000 fad a leanann an sárú ar aghaidh, móide costais dlí. B'ionann an méid a íocadh leis an gCoimisiún in 2020 agus €7.745 milliún. Fabhraíodh dliteanas eile de €2.745 milliún faoi dheireadh 2020. Tá an fhíneáil laethúil ar siúl agus d’fhéadfadh dliteanas breise féideartha de €5.5 milliún a bheith ann i leith 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Cultúr

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,598,553 | | | |
| | *Forlíontach* | 60,000 | | | |
| | | | 2,658,553 | 2,561,784 | 2,365,240 |
| B | Seirbhísí Uisce | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,336,630 | | | |
| | *Forlíontach* | 72,000 | | | |
| | | | 1,408,630 | 1,389,694 | 1,288,395 |
| C | Rialtas Áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 787,377 | | | |
| | *Forlíontach* | 300,000 | | | |
| | | | 1,087,377 | 1,086,129 | 210,935 |
| D | Pleanáil | | | | |
| | *Bunaidh* | 182,662 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 33,500 | | | |
| | | | 216,162 | 113,904 | 68,002 |
| E | Met Éireann | | 35,767 | 28,267 | 27,951 |
| F | Oidhreacht | | 95,208 | 92,783 | — |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,036,197 | | | |
| | *Forlíontach* | 432,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 33,500 | | | |
| | | | **5,501,697** | **5,272,561** | **3,960,523** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **57,910** | **55,318** | **63,231** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,978,287 | | | |
| | *Forlíontach* | *432,000* | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 33,500 | | | |
| | | | **5,443,787** | **5,217,243** | **3,897,292** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh leithdháiltí neamhchaite dar luach €214 mhilliún maidir le gnéithe caipitil de Chláir A, B, D agus F ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 226,544,445 | 40,011,020 |
| Géilleadh iarchurtha | (214,000,000) | (33,500,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **12,544,445** | **6,511,020** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Cultúir

31 Márta 2021

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 5,181,338 | 3,894,399 |
| Pá | | 74,562 | 48,637 |
| Neamhphá | | 16,661 | 17,487 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,272,561** | **3,960,523** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **55,318** | **63,231** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,217,243** | **3,897,292** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (4,403) | | |
| Dímheas | 1,128 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 5 | (3,270) | (4,596) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,095 | | |
| Méadú ar stoc | (394) | 701 | 9,163 |
| **Caiteachas díreach** | | **5,214,674** | **3,901,859** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 26,062 | 24,759 |
| Measchíosanna | | 3,949 | 3,233 |
| **Glanchostas an chláir** | | **5,244,685** | **3,929,851** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 14 | 164 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 24,391 | 22,769 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,305 | 1,636 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 124 | 78 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 121 | — |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 107 | 112 |
| | | **26,062** | **24,759** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 57,163 | 10,176 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 233,112 | 51,553 |
| Stoic | 2.3 | 575 | 181 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,536 | 1,447 |
| Ioncam fabhraithe | | 7,492 | 2,382 |
| Ciste éadálacha imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 68,460 | 69,393 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 2,816 | 714 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **313,991** | **125,670** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 18,250 | 13,838 |
| Ioncam iarchurtha | | 9,160 | 8,561 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 21,461 | 18,720 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 214,467 | 33,547 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **263,338** | **74,666** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 50,653 | 51,004 |
| **Glansócmhainní** | | **107,816** | **61,180** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **107,816** | **61,180** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 668 | 328 | 1,740 | 20,400 | 6,733 | 29,869 |
| Breiseanna | 411 | 678 | 64 | 1,570 | 1,330 | 4,053 |
| Sócmhainní a cuireadh in úsáid | — | — | — | 477 | (477) | — |
| Aistrithe isteach [b] | 40,202 | 9,047 | 2,300 | 3,185 | — | 54,734 |
| Diúscairtí | — | (63) | (103) | (1,084) | — | (1,250) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 41,281 | 9,990 | 4,001 | 24,548 | 7,586 | 87,406 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 73 | 239 | 1,514 | 17,867 | — | 19,693 |
| Dímheas don bhliain | 13 | 52 | 56 | 1,007 | — | 1,128 |
| Dímheas ar aistrithe [b] | 47 | 6,883 | 968 | 2,769 | — | 10,667 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (63) | (103) | (1,079) | — | (1,245) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 133 | 7,111 | 2,435 | 20,564 | — | 30,243 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **41,148** | **2,879** | **1,566** | **3,984** | **7,586** | **57,163** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 595 | 89 | 226 | 2,533 | 6,733 | 10,176 |

Nótaí [a] Tá na tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá faoi rialú nó faoi bhainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil luachálacha leo leagtha amach in Aguisín A.

[b] Is sócmhainní oidhreachta nach sócmhainní TFC iad atá sna sócmhainní a aistríodh isteach. Ba í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (DTCAGSM) a sholáthair na figiúirí toisc nár aistríodh na sócmhainní chuig an Roinn ach ar an 31 Nollaig 2020. Faoi shocrú riaracháin, áfach, lean an DTCAGSM le sócmhainní oidhreachta a ceannaíodh roimh an 29 Deireadh Fómhair 2020 a thaifeadadh ar a clár sócmhainní in 2020 ar feitheamh próiseas bailíochtaithe a bheith curtha i gcrích in 2021 chun na sócmhainní ar chlár sócmhainní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thaifeadadh.

Ní chuirtear na sócmhainní bainistithe oidhreachta TFC san áireamh sna figiúirí thuas toisc go bhfuil baint acu le soláthar seirbhíse TFC ag DTCAGSM agus taifeadtar iad ar chuntas leithreasa an Vóta sin do 2020. Tá na sócmhainní sin faoi réir próiseas aistrithe ar leithligh ar cheart go gcuifí i gcrích in 2021 é.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 233,088 | 51,424 |
| Iarmhéid sa chuntas bainc tráchtála | 24 | 129 |
| | **233,112** | **51,553** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 170 | 86 |
| Ábhair thógála | 129 | — |
| Beostoc | 85 | — |
| Stáiseanóireacht | 43 | 49 |
| Breosla agus leasacháin | 33 | — |
| Ábhair inchaite TF | 28 | 27 |
| Ábhair ghlantacháin | 23 | 4 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 64 | 15 |
| | **575** | **181** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 1,354 | 218 |
| Tionscadail oidhreachta | 1,154 | — |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 92 | 56 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 41 | 208 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 6 | 9 |
| Óinchistí | 3 | 19 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 166 | 204 |
| | **2,816** | **714** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,027 | 716 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 664 | 401 |
| Cáin bhreisluacha | 653 | 289 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 337 | 189 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 233 | 143 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 207 | 143 |
| | 3,121 | 1,881 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 308 | 219 |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí [a] | 8,385 | 14,111 |
| Tionscadal comhtháite LIFE [b] | 2,164 | 1,870 |
| Dúlra Atlantach Fhiáin LIFE [b] | 2,710 | — |
| Traonach Atlantach LIFE [b] | 1,306 | — |
| Tionscadal athchóirithe LIFE um Portaigh Ardaithe [b] | 1,242 | — |
| RRDF[c] | 1,257 | — |
| Tionscadal LIFE Chiarraí [b] | 201 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 767 | 639 |
| | **21,461** | **18,720** |

Nótaí

a Féach Nóta 7.1

b Ionstraim maoiniúcháin AE is ea an clár LIFE, rud a thacaíonn le tionscadail maidir leis an gcomhshaol, caomhnú an dúlra agus gníomhú ar son na haeráide ar fud an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir ginearálta le LIFE cur le cur chun feidhme, nuashonrú agus forbairt bheartas agus reachtaíocht AE maidir leis an gcomhshaol trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána lena mbaineann breisluach Eorpach a chómhaoiniú. Baineann na hiarmhéideanna atá taispeánta thuas le hardmhaoiniú ó AE go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair.

c Baineann an t-iarmhéid atá taispeánta thuas le hardmhaoiniú ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair. Bunaíodh RRDF mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus soláthraíonn sé infheistíocht chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte ag a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine agus i gceantair fhorimeallacha. Tá sé á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is iad na príomhthorthaí tacú le forbairt inbhuanaithe pobail agus eacnamaíoch i gceantar tuaithe na hÉireann, lena n-áirítear trí bhailte agus sráidbhailte beaga a athghiniúint agus fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh chun tacú le cruthú post i gceantair thuaithe. Faoin gcéad ghlaoch ar thionscadail, sannadh maoiniú de thart ar €5.4 milliún do níos mó ná 30 tionscadal aonair ar fud líonra láithreáin NPWS. Is ionann an maoiniú agus 75% de chostais an tionscadail agus áirítear leis na tionscadail uasghrádú agus forbairt cosán ar fud an líonra páirceanna agus anaclann, saoráidí méadaithe do chuairteoirí agus comharthaíocht/brandáil fheabhsaithe. Ceannófar busanna leictreacha i bpáirceanna náisiúnta roghnaithe freisin chun cabhrú le lorg carbóin gníomhaíochtaí cuairteoirí a ísliú.

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr | 12,544 | 6,511 |
| Géilleadh iarchurtha | 214,000 | 33,500 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (12,077) | (6,464) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **214,467** | **33,547** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 233,112 | 51,553 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,816 | 714 |
| | 235,928 | 52,267 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,121) | (1,881) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (18,340) | (16,839) |
| | (21,461) | (18,720) |
| | **214,467** | **33,547** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 61,180 | 65,749 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 5,443,787 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (214,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (12,544) | | |
| Glanvóta | | | 5,217,243 | 3,897,292 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 26,062 | 24,759 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,949 | 3,233 |
| Sócmhainní a aistríodh isteach sa Roinn | 2.1 | | 44,067 | (2) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (5,244,685) | (3,929,851) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **107,816** | **61,180** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 4,126 | 2,106 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 1,074,726 | 982,895 |
| Cláir deontas caipitil | 2,333,985 | 1,543,599 |
| Tionscadail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 627,511 | 631,034 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **4,040,348** | **3,159,634** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 982,895 | 875,993 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (864,018) | (723,643) |
| Ceangaltais deontais nua | 955,849 | 830,545 |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,074,726** | **982,895** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,543,599 | 1,024,676 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,347,099) | (1,383,738) |
| Ceangaltais deontais nua | 2,137,485 | 1,902,661 |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,333,985** | **1,543,599** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tithíochta** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ***Tógáil*** | | | | | |
| *Arna gcómhaoiniú* [a] | | | | | |
| Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 17 | 330 | — | 347 | 17 |
| Roinn | 1,056 | 6,613 | 9,173 | 16,842 | 17,172 |
| | 1,073 | 6,943 | 9,173 | 17,189 | 17,189 |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| Roinn | 24,216 | — | 13,696 | 37,912 | 37,912 |
| | 34,504 | — | 13,696 | 48,200 | 48,200 |
| Sráid Dhoiminic (Taobh Thoir), Cathair Bhaile Átha Cliath: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 3,434 | — | 3,434 | — |
| Roinn | 10,057 | 13,354 | 2,458 | 25,869 | 29,303 |
| | 10,057 | 16,788 | 2,458 | 29,303 | 29,303 |
| Bóthar Bhun Raite (Céim 1), Baile Átha Cliath 17: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 1,224 | — | 1,224 | — |
| Roinn | 2,115 | 11,414 | 14,465 | 27,994 | 29,218 |
| | 2,115 | 12,638 | 14,465 | 29,218 | 29,218 |
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A): | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 1,139 | — | 1,139 | — |
| Roinn | 5,508 | 4,024 | 9,998 | 19,530 | 20,669 |
| | 5,508 | 5,163 | 9,998 | 20,669 | 20,669 |
| Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 1,017 | — | 1,017 | — |
| Roinn | 3,488 | 5,277 | 12,335 | 21,100 | 22,117 |
| | 3,488 | 6,294 | 12,335 | 22,117 | 22,117 |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,413 | — | — | 5,413 | 5,413 |
| Roinn | 6,205 | — | 305 | 6,510 | 6,510 |
| | 11,618 | — | 305 | 11,923 | 11,923 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,041 | — | — | 5,041 | 5,041 |
| Roinn | 4,630 | — | 412 | 5,042 | 5,042 |
| | 9,671 | — | 412 | 10,083 | 10,083 |

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019** | **Caiteachas in 2020** | **Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1), Fine Gall: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,260 | — | — | 2,260 | 2,260 |
| Roinn | 9,174 | 169 | 5 | 9,348 | 9,348 |
| | 11,434 | 169 | 5 | 11,608 | 11,608 |
| St Aiden’s, Gort an tSrutháin, Tamhlacht: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 4,276 | — | — | 4,276 | 4,276 |
| Roinn | 12,847 | 2,095 | 604 | 15,546 | 15,546 |
| | 17,123 | 2,095 | 604 | 19,822 | 19,822 |
| St. Cuthbert's, Cluain Dolcáin (Céim 1), Baile Átha Cliath Theas: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,950 | 38 | — | 2,988 | 2,950 |
| Roinn | 8,405 | — | 817 | 9,222 | 9,260 |
| | 11,355 | 38 | 817 | 12,210 | 12,210 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,295 | 8 | — | 2,303 | 2,295 |
| Roinn | 9,766 | — | 762 | 10,528 | 10,536 |
| | 12,061 | 8 | 762 | 12,831 | 12,831 |
| Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 101 | — | 101 | — |
| Roinn | 40 | 196 | 12,520 | 12,756 | — |
| | 40 | 297 | 12,520 | 12,857 | — |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 48 | — | 48 | — |
| Roinn | 4,248 | 10,549 | 2,443 | 17,240 | 17,288 |
| | 4,248 | 10,597 | 2,443 | 17,288 | 17,288 |
| *Arna maoiniú ag an Roinn* | | | | | |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | 2,512 | 4,651 | 5,979 | 13,142 | 13,142 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Aislinn, Bóthar Chill Rois, Inis, Contae an Chláir | 156 | 511 | 9,867 | 10,534 | — |
| Bóthar na hEaglaise, Co. Chorcaí | 11,851 | — | 139 | 11,990 | 11,990 |
| Sráid an Fhaoitigh, Co. Chorcaí | 9,053 | 3,484 | 163 | 12,700 | 12,700 |
| Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí | 15,924 | 218 | 1,087 | 17,229 | 17,229 |
| Denroche's Cross, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí | — | — | 14,185 | 14,185 | — |
| Bóthar Chúrsa an Uisce, an Linn Dubh, Corcaigh, Cathair Chorcaí | — | 1,680 | 9,967 | 11,647 | — |
| Bóthar an Mhuilinn, Avoncore, Bloomfield, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí | — | 2,585 | 8,426 | 11,011 | 11,011 |
| Hazelbrook, Ballyvinter, Mala, Contae Chorcaí | 5,130 | 2,970 | 8,424 | 16,524 | 16,524 |
| Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Contae Chorcaí | 3,346 | 8,343 | 1,585 | 13,274 | 12,901 |
| Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Contae Chorcaí | — | — | 17,118 | 17,118 | — |
| Bóthar an Chlochair, Carn Domhnach, Dún na nGall | — | — | 11,720 | 11,720 | 11,711 |
| Ard Mireann, Srath an Urláir, Dún na nGall | — | — | 10,588 | 10,588 | — |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tithíochta** | | | | | |
| Gort na Silíní, Baile Fhormaid/ Bruach na Coille/ Ráth Bhile | 16,728 | — | 3,145 | 19,873 | 19,873 |
| Sráid an Rí Thuaidh - Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7 | 1,718 | 3,865 | 7,343 | 12,926 | 12,926 |
| Gleann an Tobair, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8 | 2,698 | 10,276 | 16,290 | 29,264 | 29,181 |
| Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8 | 2,820 | 7,116 | 11,116 | 21,052 | 20,995 |
| Sráid Chorcaí - Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8 | 2,209 | 4,876 | 13,368 | 20,453 | 20,393 |
| Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | — | — | 21,955 | 21,955 | — |
| Tailte na Ceapaí, (Céim 3), Bóthar na Ceapaí, Fionnghlas | — | 15 | 18,675 | 18,690 | — |
| Radharc na Gréine (láithreán Theach na Gloine), Bóthar Mhuine Mheá, (Céim 1), Cathair na Gaillimhe | 6,452 | 11,409 | 1,223 | 19,084 | 18,370 |
| Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, an Baile Bán Mór, Cathair na Gaillimhe | 734 | 2,071 | 11,345 | 14,150 | — |
| Garraí Caol (Láithreán Bhóthar an Chósta) Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe | — | 1,000 | 13,266 | 14,266 | — |
| Tullahill, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | — | 14,439 | 2,130 | 16,569 | 14,060 |
| Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh | — | 4,464 | 8,707 | 13,171 | 13,171 |
| Fána Bhuí, Tuaim, Gaillimh | — | 883 | 9,682 | 10,565 | — |
| Gort an Choirce, Bóthar an Tobair, an Gort, Gaillimh | — | — | 13,497 | 13,497 | — |
| Lóthar Canáin, Trá Lí, Ciarraí | 504 | 3,738 | 11,372 | 15,614 | 15,593 |
| Bóthar Hebron, Cill Chainnigh | — | 802 | 15,411 | 16,213 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Láithreán Old Christians, an Ráth Bhán, Luimneach | 124 | 6,554 | 4,666 | 11,344 | 11,343 |
| Gort Buí, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Lú | — | 6,830 | 7,421 | 14,251 | 14,251 |
| Páirc Wadman, Baile Héine, Dún Dealgan, Lú | — | 17,329 | 88 | 17,417 | — |
| Cnocán Mhic Liam, Baile Liam, Cathair Phort Láirge | — | 325 | 13,384 | 13,709 | — |
| Cluain Haistin, Inis Córthaidh, Loch Garman | — | — | 11,255 | 11,255 | — |
| Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin | 7,240 | 4,200 | 377 | 11,817 | 11,817 |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Co. Chill Mhantáin | 13,048 | 3,803 | 491 | 17,342 | 17,108 |
| Lána Bhaile na Fuinseoige, Baile Chill Mhantáin | 209 | 1,602 | 11,217 | 13,028 | — |
| **Iomlán** | **236,751** | **191,069** | **406,665** | **834,485** | **588,750** |
| | | | | | |
| **An Scéim um Chúnamh Caipitil** | | | | | |
| Bloc 70, An Plás, an Pháirc Thiar, Baile Átha Cliath 12 | — | — | 14,199 | 14,199 | — |
| 25-26 Oileán Uiséir, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 | — | — | 32,116 | 32,116 | — |
| **Iomlán** | **—** | **—** | **46,315** | **46,315** | **—** |
| | | | | | |
| **Athghiniúint** | | | | | |
| *Arna gcómhaoiniú* [a] | | | | | |
| Teach an Charnáin, Baile Átha 8: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,490 | — | — | 1,490 | 1,490 |
| Roinn | 22,610 | — | 1,747 | 24,357 | 24,357 |
| | 24,100 | — | 1,747 | 25,847 | 25,847 |
| | | | | | |
| *Arna maoiniú ag an Roinn* | | | | | |
| Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath | 7,315 | 13,100 | 685 | 21,100 | 21,100 |
| Athghiniúint Chorcaí (Céim 2), Cnoc na hAoine / Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí | 10,230 | 1,187 | 436 | 11,853 | 11,853 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Sráid an Tiarna Éadbhard | 17,342 | 2,118 | 128 | 19,588 | 19,472 |
| Lárionad Limistéar Southill, Luimneach | 10,727 | 1,990 | 109 | 12,826 | 11,002 |
| **Iomlán** | **69,714** | **18,395** | **3,105** | **91,214** | **89,274** |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Bonneagar** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Cathair Chorcaí | 695 | 3,673 | 7,342 | 11,710 | 11,631 |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | 348 | 290 | 11,172 | 11,810 | 11,813 |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 2,111 | 1,075 | 8,444 | 11,630 | 11,392 |
| Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall | 10,700 | 85 | — | 10,785 | 10,780 |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | 366 | 275 | 10,359 | 11,000 | 10,875 |
| Baile Adaim, Co. Bhaile Átha Cliath | 630 | 3,186 | 11,313 | 15,129 | 15,000 |
| **Iomlán** | **14,850** | **8,584** | **48,630** | **72,064** | **71,491** |

Nóta [a] Tá roinnt de na tionscadail á gcómhaoiniú ag an Roinn agus ó chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla (coinnítear go háitiúil 80% d'fháltais CMÁ i limistéar údaráis áitiúil). Tá acmhainn ann chun ceangaltais na Roinne a laghdú sna blianta a bheidh le teacht má bhíonn na húdaráis áitiúil ábalta a gcuid cistí féin a úsáid ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i ndáil le mórcheangaltas ar bith i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2019.

**Radharc na Gréine**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €714,000*

Tháinig méadú €714,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Radharc na Gréine toisc gur tháinig deis chun cinn do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun dhá aonad eile a cheannach san fhorbairt.

**Tullahill**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.509 milliún*

Tháinig méadú €2.509 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Tullahill toisc gur tháinig deis chun cinn do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun naoi n-aonad eile a cheannach san fhorbairt.

**Lárionad Limistéar Southill**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.824 milliún*

Tháinig méadú €1.824 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Lárionad Limistéar Southill de bharr athruithe i ndiaidh an chonartha mar gheall ar athruithe deartha agus sonraíochta agus costais tógála eile amhail táillí teicniúla, suirbhéanna agus táillí naisc fóntais.

**e) Íocaíochtaí aonadacha tionscadal comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí**

Tá an Roinn tiomanta do Chlár CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a fhorbairt ina gcuimsítear trí bheartáin tionscadal. Go dtí seo, chuathas isteach sna conarthaí le haghaidh dhá bheartán. Baineann siad sin leas as rud ar a dtugtar samhail CPP ‘bunaithe ar infhaighteacht’, áit a ndéanann cuideachta earnála príobháidí na haonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil i gcomaoin muirir aonadaigh mhíosúil. Tosaíonn an íocaíocht sin nuair a chríochnaítear na haonaid, agus maireann sí ar feadh 25 bliana ó chur i gcrích na tógála ar gach láithreán. Cuimsítear inti na costais go léir faoin gconradh, lena n-áirítear costais tosaigh thógáil na n-aonad, chomh maith leis na costais maidir le cothabháil, oibriú, saolré, bainistíocht tionóntachta agus maoiniú. Cuimsítear dhá ghné sna híocaíochtaí gné costais sheasta agus gné inathraitheach (innéacsaithe), a athraíonn ar aon dul le boilsciú.

**Beartán 1**

Le Beartán 1, soláthrófar 534 aonad i sé láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá dhá cheann de na láithreáin suite i mBaile Átha Cliath, agus tá ceann amháin suite i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus i Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun gníomhú mar cheannúdarás áitiúil agus údarás conarthach chun Beartán 1 a sholáthar.

**Beartán 2**

Le Beartán 2, soláthrófar 465 aonad in ocht láithreán. Tá trí cinn de na láithreáin suite i limistéar údaráis áitiúil Chontae Chorcaí, agus tá ceann amháin suite i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge, ar an gClár, i gCill Dara agus i Ros Comáin. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag gníomhú mar cheannúdarás áitiúil agus údarás conarthach le haghaidh Bheartán 2.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí atá le híoc i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán tionscadail 2020[a] | Iomlán tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tithíocht Shóisialta, Beartán 1 | — | 1,498 | 338,133 | 339,631 | 341,785 |
| Tithíocht Shóisialta, Beartán 2 | — | — | 289,378 | 289,378 | 289,249 |
| **Iomlán** | **—** | **1,498** | **627,511** | **629,009** | **631,034** |

Nóta Léirítear sa tábla seo oibleagáidí um muirear aonadach maidir le beartáin CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a rinneadh go dtí seo, lena n-áirítear an chain bhreisluacha réamh-mheasta ar thógáil agus an cháin bhreisluacha mheasta ar na híocaíochtaí muirir aonadaigh. Cuireadh na chéad 384 aonad i gcrích mar chuid de Bheartán 1 in 2020, a raibh mar thoradh orthu íocaíochtaí pro ráta an mhuirir aonadaigh bhliantúil dóibh sin ó dháta tosaigh a seirbhíse.

[a] Tá an laghdú €2.025 milliún ar chostas foriomlán tionscadail an dá bheartán de dheasca moilleanna sna tionscadail toisc nach raibh íocaíochtaí muirir aonadaigh bhliantúil dlite mar gheall nach raibh na tithe ar fáil. Tosaíonn tréimhse an chonartha 25 bliana ar dháta atá socraithe le haghaidh gach láithreáin faoin gconradh, agus mura mbeidh na haonaid soláthartha ag an dáta sin, tarscaoilfear an t-airgead a bheidh dlite agus ní chuirtear san áireamh é ag deireadh an chonartha.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe ag deireadh na bliana | 34 | 38 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh caingne dlí reatha AE, caingne ar feitheamh agus caingne féideartha amach anseo agus caingne dlí eile. Tá suim nó uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha neamhchinnte.

Le linn 2020, d'íoc an Roinn €5 mhilliún in íocaíocht chnapshuime agus fíneálacha laethúla dar luach iomlán €2.745 milliún i ndáil le cás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin) tar éis breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá fíneálacha laethúla leanúnacha ann maidir leis an gcás seo, a d'fhéadfadh dliteanas féideartha de €5.5 milliún a chruthú in 2021.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú.

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 75,807 | 74,562 | 48,637 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,723 | 1,002 | 1,460 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,394 | 1,792 | 1,603 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,533 | 1,000 | 1,026 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 15,116 | 10,728 | 11,859 |
| vi | Costais áitribh oifige | 6,992 | 2,025 | 1,431 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 78 | 14 | — |
| viii | Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht) | 199 | 1 | 61 |
| ix | Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe) | 199 | 39 | 2 |
| x | Earcaíocht agus oibríochtaí AD | 119 | 60 | 45 |
| | | **104,160** | **91,223** | **66,124** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léiríonn an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.723 milliún; toradh €1.002 milliún*

Tharla an coigilteas €721,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar thaisteal a bheith ní b’ísle ná mar a measadh de dheasca srianta taistil i ndáil le Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €2.394 milliún; toradh €1.792 milliún*

Tharla an coigilteas €602,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt foirne a bheith ní b’ísle ná mar a measadh de dheasca shrianta Covid-19 agus aistriú suntasach an tsoláthair oiliúna go seomraí ranga agus fóraim ar líne.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €1.533 milliún; toradh €1 mhilliún*

Tharla an coigilteas €533,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar thionscadail teileachumarsáide sa Roinn agus Met Éireann a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca shrianta Covid-19 mar aon le coigilteas ó aistriú an chórais teileafón go hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €15.116 milliún; toradh €10.728 milliún*

Bhí an caiteachas €4.388 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt tionscadal, go príomha an Tionscadal um Nuachóiriú agus Uathoibriú na hEitlíochta (AMAP) agus nuachóiriú radair atá á gcur chun feidhme ag Met Éireann.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €6.992 milliún; toradh €2.025 milliún*

Bhí an caiteachas €4.967 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt tionscadal, go príomha an obair chaomhnaithe agus acmhainne ar Theach an Chustaim agus ar an ionad cuairteoirí mar aon le huasghrádú ar áitreabh oifige Loch Garman.

**viii Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)**

*Soláthar meastacháin €199,000; toradh €1,000*

Tharla an coigilteas €198,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar thionscnamh tionscadal ábhartha taighde agus athbhreithnithe.

**ix Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe)**

*Soláthar meastacháin €199,000; toradh €39,000*

Tharla an coigilteas €160,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar nochtaí cosanta a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca thionchar Covid-19 ar acmhainní foirne agus moilleanna ina dhiaidh sin maidir le measúnuithe a chríochnú.

## Clár A Tithíocht

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 16,956 | 17,409 | 15,331 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 6,275 | 3,135 | 3,080 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | 789,087 | 890,575 | 955,745 |
| A.4 | Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta | | 190,886 | 197,357 | 139,127 |
| A.5 | Scéim um chóiríocht ar cíos | | 133,000 | 132,964 | 134,290 |
| A.6 | An scéim um íocaíochtaí cúnaimh tithíochta | | 479,729 | 464,649 | 382,408 |
| A.7 | An scéim um chúnamh caipitil | | 94,875 | 90,749 | 88,364 |
| A.8 | Iasachtaí caipitil agus scéim fóirdheontais | | 53,500 | 53,087 | 51,686 |
| A.9 | Saoráidí comhroinnte | | 500 | 78 | 25 |
| A.10 | Morgáiste go Cíos | | 23,000 | 11,732 | 17,998 |
| A.11 | Áis um airleacan caipitil i gcomhair léasúcháin | | 143,800 | 158,799 | 139,399 |
| A.12 | Cóiríocht agus tacaíocht don lucht siúil | | 19,210 | 19,818 | 14,036 |
| A.13 | Cóiríocht do dhaoine gan dídean | | | | |
| | *Bunaidh* | 196,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 60,000 | | | |
| | | | 256,000 | 270,900 | 165,000 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta | | 500 | 512 | 167 |
| A.15 | Athghiniúint/oibreacha feabhais eastáit | | 71,750 | 65,203 | 78,511 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú | | 88,238 | 66,092 | 47,454 |
| A.17 | An scéim deisiúcháin agus léasúcháin | | 10,700 | 4,003 | 3,772 |
| A.18 | Deontais tithíochta príobháidí | | 59,000 | 44,407 | 51,912 |
| A.19 | Liúntais mhorgáiste | | 600 | 408 | 403 |
| A.20 | Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte | | 3,000 | 2,325 | 2,397 |
| A.21 | Ciste bonneagair | | 148,250 | 31,650 | 22,279 |
| A.22 | Leigheas piríte agus míoca - scéim airgead teoranta | | 40,000 | 13,775 | 30,000 |
| A.23 | An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | | 10,500 | 8,750 | 7,500 |
| A.24 | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | | 9,951 | 6,870 | 12,460 |
| A.25 | Cigireacht ar chóiríocht ar cíos | | 6,250 | 4,555 | — |
| A.26 | Seirbhísí eile | | 2,996 | 1,982 | 1,896 |
| | | | **2,658,553** | **2,561,784** | **2,365,240** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €36.769 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €2.687 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €34.082 milliún, mar gheall ar mheascán de na nithe seo a leanas go príomha.

**A.3 Tithíocht údaráis áitiúil**

*Soláthar meastacháin €789.087 milliún; toradh €890.575 milliún*

Bhain an méadú ar chaiteachas dar luach €101.488 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh le tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le ceannach réadmhaoine sa bhreis ar na spriocanna bunaidh mar fhreagairt do thionchar shrianta Covid-19 ar an earnáil tógála agus soláthar tithíochta sóisialta. Soláthraíodh 815 cheannach údaráis áitiúil faoin bhfo-mhírcheann seo i gcomparáid leis an sprioc in 2020, mar atá 100 ceann.

Cé gur chiallaigh na moilleanna tógála a bhain le Covid-19 nár soláthraíodh spriocanna tithíochta na n-údarás áitiúil go hiomlán faoin bhfo-mhírcheann seo in 2020 (sprioc 3,639 gcinn i gcomparáid leis an 2,933 ceann a baineadh amach i ndáiríre), áfach, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail tithíochta a chur ar aghaidh tríd an gcéim thógála as an láithreán, rud a thabhaigh caiteachas suntasach. Ag deireadh 2020 bhí beagnach 30% níos mó tithe sóisialta ar an láithreán/á dtógáil i gcomparáid le 2019 agus tabhaíodh caiteachas suntasach trí na tionscadail tógála sin in 2020, cé nár shroich siad an chéim chríochnaithe laistigh den bhliain mar gheall ar mhoilleanna a bhain le Covid-19.

**A.9 Saoráidí comhroinnte**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €78,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €422,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, a raibh éileamh ní b'ísle ná mar a measadh mar thoradh air. Tá tionscadal um shaoráidí comhroinnte sna príomhshaoráidí breise (e.g. saoráidí comhroinnte itheacháin/cistine, neachtlanna, láithreacha suí/gníomhaíochta) chun tionscadail tógála faoin Scéim um Chúnamh Caipitil a chomhlánú. Rinneadh an tearc-chaitheamh a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.10 Morgáiste go cíos**

*Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €11.732 milliún*

Bhí an coigilteas €11.268 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall thionchar Covid-19, a raibh moilleanna suntasacha mar thoradh air maidir le hiarratais a phróiseáil trí gach céim den phróiseas, rud a raibh líon cásanna críochnaithe ní b'ísle ná mar a measadh mar thoradh air. Ag deireadh 2020, bhí 342 chead faighte le haghaidh cásanna gníomhacha a bhí á gcur chun cinn faoin scéim. Tugadh €3 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.11 Áis um airleacan caipitil i gcomhair léasúcháin**

*Soláthar meastacháin €143.8 milliún; toradh €158.799 milliún*

Tharla an méadú €14.999 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhéadú suntasach ar an éileamh ar thionscadail luathaithe faoin Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Léasúcháin (CALF) in 2020, a úsáidtear chun íoc as taiscí agus chun íocaíochtaí i gcéimeanna ar thionscadail tógála a éascú.

**A.13 Cóiríocht do dhaoine gan dídean**

*Soláthar meastacháin €196 mhilliún; toradh €270.9 milliún*

Cuimsítear san fho-mhírcheann seo meastachán forlíontach €60 milliún, a bhí riachtanach i ngeall ar an éileamh a bhí ag méadú ar chóiríocht do dhaoine gan dídean, seirbhísí gaolmhara agus an fhreagairt do Covid-19. Bhí an méadú €74.9 milliún (€60 milliún móide €14.9 milliún) ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

D’ainneoin gur fhág 5,886 aosach ar an iomlán easpa dídine agus go ndeachaigh siad isteach i dtionóntachtaí in 2020 agus d’ainneoin laghdú suntasach ar easpa dídine teaghlach, bhí líon mór daoine aonair agus teaghlach fós ag lorg seirbhísí do dhaoine gan dídean. Bhí éileamh leanúnach le haghaidh cóiríocht éigeandála agus tacaí gaolmhara mar thoradh air sin in 2020. Leanadh le seirbhísí nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear acmhainn bhreise i mBaile Átha Cliath do dhaoine a chodlaíonn amuigh, leathnú an Chláir um Thús Áite don Tithíocht mar aon le seirbhísí tacaíochta riachtanacha eile a sholáthar dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean, lena n-áirítear bearta for-rochtana, coisc agus coimeádta tionóntachta.

Tugadh tús áite chomh maith do chosaint teaghlach gan dídean le linn Covid-19 a chinntiú agus cuireadh maoiniú ar fáil d’údaráis áitiúla chun bearta a chur i bhfeidhm chun teaghlaigh gan dídean a chosaint de réir mar a mhol an FSS. Leis an maoiniú a cuireadh ar fáil, tugadh isteach cóiríocht bhreise shuntasach chun ceanglais scartha shóisialta a chomhlíonadh agus díbhailiú na saoráidí a bhí ann cheana, cóiríocht chun féinleithlisiú a éascú nuair ba ghá agus seirbhísí breise 24 huaire an chloig, lena n-áirítear na seirbhísí bia agus tacaíochta go léir.

**A.15 Athghiniúint /oibreacha feabhais eastáit**

*Soláthar meastacháin €71.75 milliún; toradh €65.203 milliún*

Bhí an caiteachas €6.547 milliún ní b’ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar dhúnadh láithreán agus srianta de bharr Covid-19 arbh é an toradh a bhí orthu gur cuireadh moill ar roinnt oibre tógála agus ar eisiúint deimhnithe tógála, rud a raibh laghdú ar líon na n-éileamh ar chúiteamh faoin scéim mar thoradh air. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú**

*Soláthar meastacháin €88.238 milliún; toradh €66.092 milliún*

Bhí an caiteachas €22.146 milliún ní b’ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19 agus caiteachas ar Chlár um Iarfheistiú an Láir Tíre do Thithe Údaráis Áitiúil a bheith ní b’ísle ná mar a measadh. Tugadh €19.7 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.17 An scéim deisiúcháin agus léasúcháin**

*Soláthar meastacháin €10.7 milliún; toradh €4.003 milliún*

Bhí an caiteachas €6.697 milliún ní b’ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19. Mar gheall gur scéim faoi thionchar éileamh í, bhí an soláthar ní b’ísle ná mar a measadh. I ndiaidh athbhreithnithe, méadaíodh an uasteorainn maoinithe faoin scéim go €60,000 i mí na Samhna 2020 chun gníomhaíocht faoin scéim a dhreasú agus chun méadú ar ghlacadh leis an scéim agus ar sholáthar a bhaint amach. Tugadh €3.5 milliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.18 Deontais tithíochta príobháidí**

*Soláthar meastacháin €59 milliún; toradh €44.407 milliún*

Bhí an caiteachas €14.593 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19 agus mar gheall go raibh sé faoi thionchar éileamh agus go raibh sé deacair leibhéal beacht tharraingt anuas an mhaoinithe a thuar. Bhí suimeanna na ndeontas aonair sa raon idir €200 agus €24,000 agus íocadh os cionn 8,137 ndeontas in 2020. Tugadh €2 mhilliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.19 Liúntais mhorgáiste**

*Soláthar meastacháin €600,000; toradh €408,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €192,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar laghdú ar líon na n-iarratas faoin scéim. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.20 Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €2.325 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €675,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an líon iarratas a fuarthas ó thithe incháilithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus Úinéireachta Comhroinnte a bheith ní b'ísle ná mar a measadh. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.21 Ciste bonneagair**

*Soláthar meastacháin €148.25 milliún; toradh €31.65 milliún*

Baineann an meastachán leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sholáthar Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF), a bhfuil i gceist leis bonneagar poiblí as an láithreán a sholáthar chun bacainní ar bhonneagar criticiúil a mhaolú agus dlús a chur le soláthar na tithíochta i bpríomhlimistéir agus i láithreáin forbartha agus leis an gCiste Láithreán Seirbhísithe (SSF), a bhfuil i gceist leis bonneagar a sholáthar ar bhainc talún údaráis áitiúil chun soláthar tithíochta inacmhainne a éascú.

Bhí an caiteachas €116.6 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Caiteachas ar 25 thionscadal LIHAF nár réadaíodh chomh gasta agus a measadh (cuireadh trí thionscadal i gcrích in 2020). Ag tús 2020, bhí go leor de na tionscadail LIHAF ag céim an deartha, áit a raibh na costais measartha agus nach raibh i gceist ach táillí deartha agus comhairleoireachta. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas in 2021, agus tionscadail ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála.

Ag deireadh 2020, faoin scéim SSF, faomhadh maoiniú dar luach €127 milliún i bprionsabal chun obair bhonneagair a thacóidh le 35 thionscadal i 14 údarás áitiúil a sholáthar, rud a sholáthróidh 3,200 teach. Níor tarraingíodh maoiniú anuas in 2020 toisc go raibh na tionscadail ag na céimeanna deartha agus pleanála. Cuirfear tús leis an tarraingt anuas in 2021, agus na tionscadail á gcur ar aghaidh chuig céim na tógála.

Tugadh €70 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.22 Leigheas piríte agus míoca – scéim airgead teoranta**

*Soláthar meastacháin €40 milliún; toradh €13.775 milliún*

Bhí an caiteachas €26.225 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta Covid-19 a chuir isteach ar sceidealú agus ar chur chun feidhme na n-oibreacha leighis don scéim um leigheas Piríte.

Ina theannta sin, bhí caiteachas na Scéime Deontais maidir le Bloic Choincréite Lochtacha ní b'ísle ná mar a measadh toisc nár thosaigh an scéim go dtí mí an Mheithimh 2020 agus mar thoradh ar na hagaí tionscanta maidir le hiarratais a cheadú, agus tús na n-oibreacha á gcur san áireamh, táthar ag súil nach mbeidh caiteachas suntasach ann don scéim seo ach go 2021 agus blianta ina dhiaidh sin. Tugadh €24 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

**A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin €10.5 milliún; toradh €8.75 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.75 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna ar bhunú Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, rud a raibh laghdú ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus faisnéise a sholáthraítear do chleachtóirí tithíochta agus moilleanna ar earcaíocht mar thoradh air. Rinneadh an tearc-chaitheamh a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.24 An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe**

*Soláthar meastacháin €9.951 milliún; toradh €6.87 milliún*

Bhí an caiteachas €3.081 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar Covid-19 ar chlár oibre an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Chomh maith leis sin, bhain moilleanna le lánchur i bhfeidhm an chórais um bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí, agus baineadh coigilteas amach mar thoradh air sin.

**A.25 Cigireachtaí ar chóiríocht ar cíos**

*Soláthar meastacháin €6.25 milliún; toradh €4.555 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.695 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, ar cuireadh stop le cigireachtaí ar feadh tréimhsí in 2020 mar thoradh orthu, mar aon le moilleanna ar earcaíocht ball foirne agus ar chumas na n-údarás áitiúil obair a dhéanamh.

**A.26 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €2.996 milliún; toradh €1.982 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.014 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, rud a chiallaigh nár críochnaíodh roinnt de thionscadail taighde, phleanála agus forbartha de chuid an tionscail tógála. Chomh maith leis sin, bhí an caiteachas ar fhorbairt údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh san Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ní b'ísle ná mar a measadh toisc go raibh an tionscadal i luathchéim bunaithe na forbartha le linn 2020 agus nár thabhaigh sé caiteachas suntasach.

## Clár B Uisce

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 4,112 | 5,686 | 5,418 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,526 | 828 | 1,122 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | | 25,848 | 22,618 | 19,888 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | | 49,000 | 43,988 | 41,104 |
| B.5 | Uisce Éireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,231,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 72,000 | | | |
| | | | 1,303,500 | 1,303,189 | 1,208,000 |
| B.6 | Údaráis áitiúla | | 12,690 | 12,374 | 12,760 |
| B.7 | Saincheisteanna stairiúla comhshaoil uisce | | 9,000 | 43 | 76 |
| B.8 | Muirthimpeallacht | | 2,700 | 945 | — |
| B.9 | Comhlacht Comhairleach Uisce | | 220 | 18 | 27 |
| B.10 | Seirbhísí eile | | 34 | 5 | — |
| | | | **1,408,630** | **1,389,694** | **1,288,395** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €53.064 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhí róchaitheamh €876,108 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, róchaiteachas €52.188 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**B.3 Clár cáilíochta uisce**

*Soláthar meastacháin €25.848 milliún; toradh €22.618 milliún*

Bhí an caiteachas €3.23 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar chlár INTERREG V AE (Bearta Comhshaoil) toisc go raibh an tarraingt anuas ó thionscadail ní ba mhoille ná mar a measadh.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn de dheasca thionchar shrianta Covid-19 ar earcaíocht agus nach bhfuarthas roinnt éileamh a bhain le 2020 ach amháin in 2021.

**B.4 Clár uisce tuaithe**

*Soláthar meastacháin €49 milliún; toradh €43.988 milliún*

Bhí an caiteachas €5.012 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar fhógairt mhall an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ar thionchar shrianta Covid-19 maidir le tionscadail a chur chun cinn ar fud bhearta uile an chláir. Rinneadh an tearc-chaitheamh a fhritháireamh i bpáirt le caiteachas méadaithe ó scéimghrúpaí uisce a bheith ag baint leas as na rátaí fóirdheontais úra agus as scéimeanna leanúnacha oibreacha a cuireadh siar ón tréimhse roimhe sin de rátaí laghdaithe fóirdheontais.

**B.5 Uisce Éireann**

*Soláthar meastacháin €1.231 billiún; toradh €1.303 billiún*

Cuimsítear san fho-mhrícheann meastachán forlíontach €72 mhilliún, ar úsáideadh €44 mhilliún de chun soláthar mhórbhonneagar riachtanach Uisce Éireann a luathú agus d'eascair €28 milliún as easnamh ioncaim in 2020 ó chustaiméirí tráchtála mar gheall ar thionchair a bhain le Covid-19 ar an earnáil ghnó.

**B.7 Saincheisteanna stairiúla comhshaoil uisce**

*Soláthar meastacháin €9 milliún; toradh €43,000*

Bhí an caiteachas €8.957 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha go raibh cur isteach, ceaduithe agus leithdháiltí maidir leis an gclár um Bonneagar arna Soláthar ag Forbróirí ní ba mhoille ná mar a measadh (fógraíodh leithdháiltí i lár mhí Mheán Fómhair 2020) de dheasca thionchar shrianta Covid-19. Cuireadh moill ar dhul chun cinn tionscadal ina dhiaidh sin go méid áirithe mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn toisc go raibh an Scéim Deontas Leasúcháin Luaidhe ina scéim faoi thionchar éileamh faoina bhfuil sé deacair caiteachas a thuar. Tugadh €7.9 milliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

**B.8 Muirthimpeallacht**

*Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €945,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.755 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt clár oibre agus tionscadal taighde. Bhí an maoiniú d'Fhoras na Mara ní b'ísle ná mar a measadh toisc go ndeachaigh srianta Covid-19 i bhfeidhm ar a ghníomhaíochtaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaí obair a chur chun cinn ar roinnt clár de chuid Limistéar Atlantach INTERREG mar gheall ar dheacrachtaí le hArdán Limistéar Atlantach AE agus srianta Covid-19. Tugadh síntí ama i gcomhair na gclár sin.

**B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce**

*Soláthar meastacháin €220,000; toradh €18,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €202,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar chlár oibre an Chomhlachta Chomhairligh Uisce.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 8,898 | 10,728 | 9,616 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 3,285 | 1,752 | 1,585 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 756,060 | | | |
| | *Forlíontach* | 300,000 | | | |
| | | | 1,056,060 | 1,056,060 | 185,180 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | 16,150 | 15,557 | 13,316 |
| C.5 | Toghchóras | | 1,889 | 365 | 343 |
| C.6 | Seirbhísí eile | | 1,095 | 1,667 | 895 |
| | | | **1,087,377** | **1,086,129** | **210,935** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cliár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €298.752 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtosach. Bhí tearc-chaitheamh €296,258 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, róchaiteachas €298.456 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**C.3 An Ciste Rialtais Áitiúil**

*Soláthar meastacháin €756.06 milliún; toradh €1.056 billiún*

Baineann an méadú €300 milliún ar chaiteachas le meastachán forlíontach, a bhí riachtanach d'fhonn an costas as síneadh trí mhí ar tharscaoileadh na rátaí tráchtála a mhaoiniú do ghnólachtaí incháilithe chun tacú leis an earnáil rialtais áitiúil agus leis na cáiníocóirí a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu.

**C.5 Toghchóras**

*Soláthar meastacháin €1.889 milliún; toradh €365,000*

Baineann feidhm toghchórais na Roinne le beartas agus reachtaíocht maidir le gnéithe riaracháin an chórais toghcháin. Bhí an caiteachas €1.524 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha gur cuireadh tús leis an gcóras Voter.ie níos déanaí ná mar a measadh mar gheall ar an Olltoghchán i mí Feabhra 2020 agus ar thionchar shrianta Covid-19 ar an bpróiseas tairisceana.

**C.6 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €1.095 milliún; toradh €1.667 milliún*

Bhí an méadú €572,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar fhreagairt na n-údarás áitiúil a bhain le drochaimsir i ndiaidh na mórtheagmhas tuile in 2020.

## Clár D Pleanáil

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | 7,555 | 5,000 | 5,290 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,796 | 1,345 | 1,887 |
| D.3 | An Bord Pleanála | | 19,531 | 19,531 | 18,548 |
| D.4 | Binse Pleanála | | 4,236 | 4,322 | 781 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | | 2,569 | 2,481 | 1,637 |
| D.6 | Beartas um pleanáil | | 420 | 366 | 532 |
| D.7 | Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach | | 240 | 219 | 220 |
| D.8 | Mo phlean | | 135 | 115 | 123 |
| D.9 | Athghiniúint/athnuachan uirbeach | | | | |
| | *Bunaidh* | 96,510 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 33,500 | | | |
| | | | 130,010 | 39,564 | 18,600 |
| D.10 | Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha | | 1 | — | 637 |
| D.11 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | | 17,763 | 18,055 | 15,763 |
| D.12 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | | 17,500 | 14,100 | 2,409 |
| D.13 | Imeall trá | | 2,400 | 803 | 1,138 |
| D.14 | Pleanáil spásúil mhuirí | | 750 | 188 | 335 |
| D.15 | Beartas um pleanáil chomhshaoil | | 159 | 65 | — |
| D.16 | Seirbhísí eile | | 10,097 | 7,750 | 102 |
| | | | **216,162** | **113,904** | **68,002** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €102.25 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €4.005 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €98.245 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**D.9 Athghiniúint/athnuachan uirbeach**

*Soláthar meastacháin €130.01 milliún; toradh €39.564 milliún*

Cuimsítear san fho-mhírcheann géilleadh iarchurtha €33.5 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2019. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €90.446 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál agus ar shaghas na dtionscadal a bhí á dtacú ag clár an Chiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí a chaithfear a chur tríd an dearadh agus tríd an bpleanáil sula dtabhófar caiteachas suntasach leo.

Ina theannta sin, mar thoradh ar thionchar Covid-19, lena n-áirítear dúnadh tionscadal tógála i dtús 2020, cuireadh moill ar dhul chun cinn na dtionscadal. Tugadh €72 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Leithdháileadh an tearc-chaitheamh a bhí fágtha ar Chlár A – Tithíocht in 2020.

**D.12 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún**

*Soláthar meastacháin €17.5 milliún; toradh €14.1 milliún*

Bhí an caiteachas €3.4 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar obair réamhforbartha na Gníomhaireachta Forbartha Talún (GFT), amhail suirbhéanna comhshaoil agus próisis réamhphleanála eile nárbh fhéidir tabhairt fúthu. Bhí tearc-chaitheamh €3.9 mhilliún ann mar thoradh air sin, a tugadh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

Lena chois sin, tháinig méadú €600,000 ar chaiteachas reatha chun na costais oibriúcháin agus riaracháin leanúnacha a bhaineann le socruithe eatramhacha don Ghníomhaireacht Forbartha Talún a íoc, ar feitheamh achtú reachtaíochta príomha chun an Ghníomhaireacht Forbartha Talún a bhunú ar bhonn reachtúil.

**D.13 Imeall trá**

*Soláthar meastacháin €2.4 milliún; toradh €803,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.597 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chásanna dlíthiúla agus teagmhas le haghaidh oibreacha éigeandála ar an imeall trá a bheith ní b'ísle ná mar a measadh in 2020.

**D.14 Pleanáil spásúil mhuirí**

*Soláthar meastacháin €750,000; toradh €188,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €562,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19, áit arbh éigean moill a chur ar a lán gnéithe den Chreat Náisiúnta Pleanála Muirí deiridh nó iad a chur ar ceal amhail imeachtaí poiblí agus cruinnithe comhairliúcháin. Cuireadh moill ar an gcéim dheiridh den Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta agus den Mheasúnú Cuí go 2021 chomh maith.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn mar gur cuireadh moill ar thabhairt i gcrích comhaontaithe seirbhíse idir an Roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Foras na Mara freisin.

**D.16 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €10.097 milliún; toradh €7.75 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €2.347 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar fhorbairt Ionad Imeachtaí Chorcaí. Bhí tearc-chaitheamh €5 mhilliún ann mar thoradh air sin, a tugadh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

Ina theannta sin, tháinig méadú €2.653 milliún ar chaiteachas reatha chun fíneáil agus pionóis €7.745 milliún arna ngearradh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a íoc (fíneáil cnapshuime dar luach €5 mhilliún móide pionóis dar luach €2.745 milliún) i gcás C-261/18 - Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin.

## Clár E Met Éireann

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 16,117 | 13,573 | 12,982 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 12,790 | 8,577 | 9,813 |
| E.3 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíocha | 5,100 | 5,101 | 4,814 |
| E.4 | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte | 1,760 | 1,016 | 342 |
| | | **35,767** | **28,267** | **27,951** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €7.501 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €6.757 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €743,697, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte**

*Soláthar meastacháin €1.76 milliún; toradh €1.016 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €744,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoill ar earcaíocht ball foirne agus toisc nach raibh na córais um shamhaltú réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte i bhfeidhm fós.

## Clár F Oidhreacht

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| F.1 | Riarachán – pá | 22,169 | 22,166 | — |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | 1,681 | 1,024 | — |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta (á páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,505 | 7,394 | — |
| F.4 | Oidhreacht thógtha | 6,113 | 7,165 | — |
| F.5 | An Oidhreacht Nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 17,927 | 17,979 | — |
| F.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | 650 | 650 | — |
| F.7 | An scéim infheistíochta oidhreachta tógtha | 2,500 | 2,404 | — |
| F.8 | Athbhunú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh | 10,850 | 6,988 | — |
| F.9 | Uiscebhealaí Éireann | 25,813 | 27,013 | — |
| | | **95,208** | **92,783** | **—** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár F €2.425 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €659,633 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €1.765 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**F.4 Oidhreacht thógtha**

*Soláthar meastacháin €6.113 milliún; toradh €7.165 milliún*

Úsáideadh an méadú €1.052 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i gcomhair tionscadail bhreise oidhreachta tógtha agus cosanta seandálaíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear deisiúcháin dín ag Ardeaglais Naomh Pádraig agus oibreacha ag réadmhaoine oidhreachta atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí.

**F.8 Athbhunú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh**

*Soláthar meastacháin €10.85 milliún; toradh €6.988 milliún*

Bhí an caiteachas €3.862 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, áit ar cuireadh moill ar a lán gnéithe den chlár um athbhunú tailte portaigh go háirithe i ndáil le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Cuireadh isteach ar an scéim Cúitimh maidir le Deireadh a Chur le Móin a Bhaint mar gheall ar an méid ama a ghlacann sé chun na cineálacha sin comhaid a phróiseáil agus a dhúnadh toisc go mbraitheann siad ar an iarratasóir faisnéis ábhartha agus comhaontuithe dlíthiúla a chur ar ais. Tugadh €3 mhilliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

**F.9 Uiscebhealaí Éireann**

*Soláthar meastacháin €25.813 milliún; toradh €27.013 milliún*

Úsáideadh an méadú €1.2 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun oibreacha breise caipitil ar Loingseoireacht na Sionainne (lena n-áirtear Cora Mhíleac Beag), Canáil Uladh, an Chanáil Mhór agus an Chanáil Ríoga a mhaoiniú.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,956 | 1,747 | 1,979 |
| 2 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh áitithe maidir le hÁrachas Sóisialach (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | 9,800 | 6,361 | 9,692 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 755 | 1,060 | 325 |
| 5 | Fáltais imeall trá | 2,100 | 1,776 | 2,211 |
| 6 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 398 | 377 | 384 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 35,978 | 36,002 | 43,811 |
| 8 | Fáltais CFRE – bearta comhshaoil INTERREG V | 2,500 | 4,073 | 1,088 |
| 9 | Ciste na gCuntas Díomhaoin – Tús Áite don Tithíocht a Chur Chun Feidhme | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| 10 | Fáltais CFRE – Clár Limistéar Atlantach INTERREG | 108 | — | — |
| 11 | Fáltais CFRE – Tionscadal RAGES | 14 | 15 | — |
| 12 | Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra | 465 | 137 | — |
| 13 | Cíosanna (lena n-áirítear ó ligean ar cíos agus cearta iascaireachta, etc.) | 95 | 29 | — |
| | **Iomlán** | **57,910** | **55,318** | **63,231** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.592 milliún ní b’ísle ná an meastachán. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

1 **Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh**

*Meastachán €1.956 milliún; réadaithe €1.747 milliún*

Tharla an t-easnamh €209,125 toisc go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a dhéantar iniúchtaí agus go raibh ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar bhí roinnt táillí gan íoc ag deireadh 2020.

**3 Fáltais Met Éireann**

*Meastachán €9.8 milliún; réadaithe €6.361 milliún*

Tharla an t-easnamh €3.439 milliún mar gheall ar thionchar Covid-19 ar ghníomhaíochtaí tráchtála Met Éireann, go háirithe maidir le fáltais eitlíochta.

**4 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €755,000; réadaithe €1.06 milliún*

Tá sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go hiontaofa.

**5 Fáltais imeall trá**

*Meastachán €2.1 milliún; réadaithe €1.776 milliún*

Léiríonn an t-easnamh €324,000 an deacracht maidir le fáltais imeall trá a thuar go beacht mar gheall ar chineál casta an phróisis um léasú/cheadú imeall trá.

**8 Fáltais CFRE – bearta comhshaoil INTERREG V**

*Meastachán €2.5 milliún; réadaithe €4.073 milliún*

Tharla an méadú €1.573 milliún mar gheall go bhfuil sé deacair fáltais maidir le bearta comhshaoil INTERREG V a thuar de dheasca uainiú na n-éileamh arna gcur isteach ag príomhpháirtithe chuig Comhlacht na gClár Speisialta AE agus uainiú na n-éileamh forchúitimh ina dhiaidh sin chuig AE.

**10 Fáltais CFRE – Clár Limistéar Atlantach INTERREG**

*Meastachán €108,000; réadaithe €nialas*

Tharla an t-easnamh €108,000 mar gheall ar dheacrachtaí le hardán TF Limistéar Atlantach INTERREG a fheidhmíonn AE, rud a raibh tionchar aige ar chur isteach éileamh ar chláir Limistéar Atlantach INTERREG, agus srianta Covid-19.

**12 Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra**

*Meastachán €465,000; réadaithe €137,000*

Tharla an t-easnamh €328,000 mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar na páirceanna náisiúnta a bhí dúnta ar feadh tréimhsí fada in 2020. Ina theannta sin, bhí tionchar diúltach ag an laghdú suntasach ar ghrúpaí turasóireachta eachtracha a thug cuairt ar na páirceanna náisiúnta ar fháltais.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Aisíocaíochtaí faoi Chlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta na nÚdarás Áitiúil (SHIP) | 3,423 | 1,879 |
| Léas Imeall Trá | 3,066 | 6,561 |
| Aisghabhálacha faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013 | 2,330 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe | 91 | 55 |
| Uisce Éireann – maoiniú nár caitheadh le haghaidh aisíocaíochtaí ar tháille uisce tí | — | 6,749 |
| Socrú maidir le díobháil phearsanta | — | 12 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (8,910) | (15,256) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 1,207 | 782 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 220 | 226 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 104 | 85 |
| An Bord Pleanála | 184 | 174 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 89 | 87 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 111 | 82 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 15 | 14 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 21 | 15 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 39 | 11 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 13 | — |
| Uiscebhealaí Éireann | 333 | — |
| **Iomlán** | **2,336** | **1,476** |

### 5.2 Pá – Roinn

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 66,516 | 43,472 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 721 | 295 |
| Liúntais eile | 1,711 | 1,666 |
| Ragobair | 1,028 | 742 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,613 | 3,297 |
| **Pá iomlán** | **75,589** | **49,472** |

### 5.2 Pá – gníomhaireachtaí

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 54,652 | 36,365 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 87 | 70 |
| Liúntais eile | 937 | 82 |
| Ragobair | 695 | 152 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,966 | 2,886 |
| **Pá iomlán** | **61,337** | **39,555** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 184 | 18 | 27,290 | 20,874 |
| Liúntais eile | 261 | 74 | 28,134 | 28,146 |
| Ragobair | 227 | 28 | 31,120 | 36,496 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 204 | 80 | 48,159 | 52,706 |

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile thuas le baill foirne na Roinne a íocadh díreach ón Vóta faoi chláir A go F.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — gníomhaireachtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 30 | 2 | 23,325 | 12,365 |
| Liúntais eile | 274 | 22 | 15,556 | 7,585 |
| Ragobair | 296 | 11 | 30,663 | 27,844 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 204 | 56 | 25,014 | 21,945 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh seachtar státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €33,530. Bhí na híocaíochtaí ar aon dul le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €173,541 i dtaobh triúir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 go léir nó cuid di agus ar íoc an Roinn a gcuid tuarastal.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 29 | 69,799 | 38,265 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 12 | 20,422 | 7,396 |

Aistríodh seachtar ag a raibh ró-íocaíochtaí dar luach €13,510 chuig an Roinn le linn na bliana.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €4,248 agus €4,164 agus scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €41,673 agus €11,346 faoi seach le beirt iarbhall foirne de chuid an Aire ar foirceannadh a gcuid fostaíochta de bharr an athraithe Rialtais in 2020.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí agus coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse fiosrúcháin maidir le cúrsaí áirithe pleanála agus íocaíochtaí [a] | 1997 | 140,643 | 4,322 | 781 |

Nóta [a] B'ionann an caiteachas go deireadh 2020 agus €140.6 milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. Ar bhonn meastachán ón mBinse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2020, d'fhéadfadh costais bhreise €6.8 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

### 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásan na | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó dhaoine den phobal | 13 | 49 | 529 | 283 | 861 | 217 |
| Fíneálacha AE [a] | 1 | — | — | 7,745 | 7,745 | — |
| | **14** | **49** | **529** | **8,028** | **8,606** | **217** |

Nóta [a] Rinneadh fíneáil €5 mhilliún móide fíneálacha laethúla dar luach €2.745 milliún (€7.745 milliún san iomlán) a íoc i ndiaidh breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-261/18, maidir le bailíocht ceada pleanála coinneála i ndáil le feirm ghaoithe i nDaraidh Braoin, Contae na Gaillimhe, i gcomhréir le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Roinn seo ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an mbreithiúnas a réiteach agus leis na fíneálacha laethúla a íoc.

### 6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | 13,385 | 3,372 |

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2020 Meastachán €000 | 2020 Toradh €000 | 2019 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann** | | | | |
| A.9 | Saoráidí comhroinnte | 500 | 78 | 25 |
| A.18 | Deontais tithíochta príobháidí | 5,829 | 5,829 | 7,327 |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta | 7,505 | 7,394 | — |
| | | **13,834** | **13,301** | **7,352** |

Tá na híocaíochtaí sin á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta agus tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: https://www.gov.ie/en/collection/129d3-national-lottery-funding/

## 6.5 Maoiniú ó AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhFo-mhírcheann B.3 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

| | | 2020 Meastachán €000 | 2020 Toradh €000 | 2019 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | | | |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 7,643 | 5,472 | 3,583 |
| D.13 | Imeall trá | — | — | 11 |
| | | **7,643** | **5,472** | **3,594** |

## 6.6 Nithe a díscríobhadh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh le linn na bliana.

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| An Clár Oiliúna um Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí | — | 21,990 |

## Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

### 7.1 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 14,111 | 17,543 |
| Fáltais | — | — |
| Caiteachas don bhliain | 5,726 | 3,432 |
| | **8,385** | **14,111** |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí arb ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna chomhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Tá an scéim á feidhmiú ag tionóil réigiúnacha ar údaráis bhainistíochta iad atá freagrach as caiteachas incháilithe a fhíorú ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir an údaráis bhainistíochta agus faoi réir fíorú an údaráis bhainistíochta) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn maoinithe chomhfhreagraigh. Rinneadh breithniú ar iarratais ar incháilitheacht faoin gCiste i mí na Nollag 2015 agus beidh an clár á reáchtáil ar feadh na tréimhse go dtí deireadh 2020. Leanfar le híocaíochtaí a dhéanamh faoin gclár go dtí tús 2023. Léiríonn an t-iarmhéid sa Chiste an réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail lena mbaineann.

### 7.2 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 69,393 | 70,941 |
| Costais neamh-in-aisghabhála [a] | (983) | (1,611) |
| Ioncam ó chíos | 50 | 63 |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **68,460** | **69,393** |

Nóta [a] Ní féidir costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht amhail táillí dlíthiúla agus gairmiúla agus costas eile a bhaineann le héadáil tithíochta a fháil ar ais agus, mar sin, laghdaítear iarmhéid foriomlán an Chiste. Is ionann figiúr na gcostas neamh-in-aisghabhála le haghaidh 2020 agus €983,000.

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta, ar ciste imrothlach é, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, agus é mar aidhm aige 1,600 aonad a fháil thar an tréimhse go 2021 le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta. Sa tréimhse ó bunaíodh an ciste in 2017 go deireadh 2020, bhí 826 réadmhaoin faighte ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá an Ciste sin á úsáid ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun réadmhaoine folmha a éadáil ó bhainc, ó infheisteoirí agus ón bpobal i gcoitinne i limistéir ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Agus an méid sin á dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla lena chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine oiriúnacha ach i limistéar ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Díolann an Ghníomhaireacht na tithe, ag costas, le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Chiste a athlíonadh.  Nuair a chríochnófar an clár, tabharfaidh an Ghníomhaireacht iarmhéid deiridh ar bith den Chiste ar ais don Roinn.

## Aguisín A Talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi bhainistiú na Roinne agus nach bhfuil luachálacha leo

Bainistíonn an Roinn sé láthair páirce náisiúnta faoi láthair, is iad sin

Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

## Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí a bhí faoi choimirce na Roinne in 2020 agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/ Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Pleanála | 2019 | 12 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 27 Iúil 2020 |
| Ervia agus Líonraí Gáis Éireann | 2019 | 31 Már 2020 | 10 Meith 2020 | 29 Iúil 2020 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 2019 | 26 Már 2020 | 6 Aib 2020 | 25 Meith 2020 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [a] | 2019 | 2 Noll 2020 | 27 Feab 2021 | 23 Már 2021 |
| Uisce Éireann | 2019 | 30 Már 2020 | 15 Beal 2020 | 29 Iúil 2020 |
| An Ciste Rialtais Áitiúil | 2019 | 19 Samh 2020 | 19 Samh 2020 | 23 Samh 2020 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 2019 | 30 Meith 2020 | 16 Deireadh Fómhair 2020 | 24 Samh 2020 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 2019 | 5 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 2 Meán Fómhair 2020 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 2019 | 26 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 30 Iúil 2020 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 2019 | 14 Noll 2020 | 15 Noll 2020 | 23 Noll 2020 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 2019 | 30 Meith 2020 | 30 Meith 2020 | 14 Deireadh Fómhair 2020 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 2019 | 23 Noll 2020 | 22 Feab 2021 | — |
| Uiscebhealaí Éireann | 2018 | 10 Iúil 2019 | 17 Iúil 2019 | 4 Samh 2019 |

Nótaí [a] Áirítear leis seo an Bord um Réiteach Piríte